# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Innealtóireacht

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Innealtóireacht

## Comhleibhéal

## Scéim Mharcála

---

**120 Marc**

---

Freagair na ceisteanna **go léir**.








# Scéim Mharcála Imlíneach 2025

## Ceist 1 (29 marc)

(a) (i) Ábhar @ 2 mharc
(ii) Cúis amháin @ 2 mharc
(iii) Dhá bhuntáiste @ 2 mharc an ceann

(b) (i) Buntáiste amháin @ 2 mharc
(ii) Feidhm amháin @ 2 mharc

(c) (i) Dhá chúis @ 1 mharc an ceann
(ii) Míniú @ 2 mharc
(iii) Roghnú ceart @ 1 mharc
(iv) Ainm @ 2 mharc

(d) (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Ciorcad @ 4 mharc

(e) (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Cúis amháin @ 2 mharc

## Ceist 2 (29 marc)

(a) (i) Trí phróiseas @ 1 mharc an ceann
(ii) Buntáiste amháin @ 2 mharc

(b) Buntáiste amháin @ 2 mharc
Míbhuntáiste amháin @ 2 mharc

(c) (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Buntáiste amháin @ 2 mharc
(iii) Míniú @ 2 mharc
(iv) Feidhm @ 2 mharc

(d) (i) Míniú @ 1 mharc
(ii) Feidhm amháin @ 2 mharc

(e) (i) Roghnú ceart @ 1 mharc
(ii) Míniú @ 1 mharc

(f) (i) Dhá mhiotal @ 1 mharc amháin an ceann
(ii) Dearadh agus sceitse tugtha @ 5 mharc

## Question 3 (35 marks)

(a) Tábla críochnaithe @ 4 mharc

(b) Buntáiste @ 2 mharc
Míbhuntáiste @ 2 mharc

(c) (i) Roghnú ceart @ 2 mharc
(ii) Míniú @ 2 mharc
(iii) Réamhchúram amháin @ 1 mharc

(d) (i) Buntáiste amháin @ 2 mharc
(ii) Míniú @ 2 mharc

(e) (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Cúis amháin @ 2 mharc

(f) (i) Buntáiste amháin @ 2 mharc
(ii) Cúis amháin @ 2 mharc
(iii) Míniú @ 2 mharc

(g) (i) Cúis amháin @ 1 mharc
(ii) Tábla críochnaithe @ 4 mharc
(iii) Tábla críochnaithe @ 2 mharc
(iv) Míniú @ 1 mharc

## Question 4 (27 marks)

(a) (i) Cur Síos @ 2 mharc
(ii) Dearadh agus sceitse tugtha @ 5 mharc

(b) (i) Meaitseáil ceithre cinn @ 1 mharc an ceann
(ii) Míniú @ 1 mharc

(c) (i) Feidhm @ 2 mharc
(ii) Dhá réamhchúram @ 2 mharc an ceann
(iii) Coinbhéartú ceart @ 2 mharc

(d) (i) Roghnú ceart @ 2 mharc
(ii) Ríomh @ 2 mharc
(iii) Feidhm @ 1 mharc

(e) Tionchar dearfach @ 1 mharc
Tionchar diúltach @ 1 mharc

**Ceist 1**

**(a)** Taispeántar solas lasmuigh agus tá Dé-óid Astaithe Solais (LED) feistithe air.



*Solas LED lasmuigh*

**(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach amháin le haghaidh mhonarú chabhail an tsolais lasmuigh a thaispeántar.

Ábhar: Alúmanam

**Ábhar amháin @ 2 mharc**

**(ii)** Luaigh cúis amháin leis an ábhar atá roghnaithe agat a roghnú.

Cúis leis an roghnú: Is ábhar éadrom é alúmanam ............
(nó ábhar atá measartha saor nó atá éasca le cur le chéile nó le bailchríoch tharraingteach a chur air).

**Cúis amháin @ 2 mharc**

**(iii)** Déan cur síos ar dhá bhuntáiste a bhaineann le soilsiú LED a úsáid.

Buntáiste 1: Is gnách go mbíonn teicneolaíocht LED níos láidre agus dá bhrí sin bíonn saolré fhada ag baint léi.

Buntáiste 2: Is gnách go mbíonn soilse LED an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus mar thoradh air sin laghdaítear costais fuinnimh.

**Dhá bhuntáiste @ 2 mharc an ceann**

**(b)** Úsáideann an *bóna cliste peata* a thaispeántar teicneolaíocht Córais Suite Dhomhanda (GPS).

**(i)** Déan cur síos ar bhuntáiste amháin a bhaineann le teicneolaíocht GPS a úsáid i mbóna peata.


*Bóna cliste*

Cur síos: Trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht GPS, beidh úinéir an pheata in ann suíomh a pheata a mhonatóiriú i bhfíor-am. Cuireann sé seo ar chumas an úinéara a pheata a aimsiú go tapa má théann siad ar seachrán nó má théann siad ar strae.

**Buntáiste amháin @ 2 mharc**

**(ii)** Luaigh feidhm amháin eile a bhaineann le teicneolaíocht GPS.

Feidhm: Úsáidtear teicneolaíocht GPS i réimse feidhmeanna, lena n-áirítear loingseoireacht satailíte, mapáil, feirmeoireacht agus spórt.

**Feidhm amháin @ 2 mharc**

**(c)** As snáithín carbóin a rinneadh an tslat iascaigh a thaispeántar a bhfuil lámh chúir uirthi.

**(i)** Luaigh dhá chúis le snáithín carbóin a úsáid le haghaidh mhonarú na slaite iascaigh a thaispeántar.




| |
|---|
| Cúis 1: Tá cóimheas an nirt le meáchan den scoth ag |
| snáithín carbóin. |
| |

| |
|---|
| Cúis 2: Ní chreimfidh snáithín carbóin nuair a bhíonn sé |
| nochta d'uisce. |
| |

**Dhá chúis @ 1 mharc an ceann**


**(ii)** Mínigh cén fáth a n-úsáidtear cúr le haghaidh lámh na slaite iascaigh.

| |
|---|
| Míniú: Cuirfidh cúr lámh bhog agus chompordach ar fáil |
| atá éasca le greim a fháil uirthi. |
| Tá cúr marthanach agus frithsheasmhach in aghaidh |
| caithimh freisin. |

**Míniú @ 2 mharc**

**(iii)** Roghnaigh an cineál fórsa a oibríonn ar an dorú iascaigh a thaispeántar.

| **Cineál fórsa** | **Roghnú** *(cuir tic le ceann amháin)* |
|---|---|
| Fórsa Comhbhrú | |
| Fórsa Teannais | ✓ |
| Fórsa Fiartha | |




**Sainaithin @ 1 mharc**

**(iv)** Ceanglaítear tromáin iascaigh den dorú iascaigh go minic chun go rachaidh an baoite síos faoin uisce.

Ainmnigh miotal amháin a bheadh oiriúnach chun tromáin iascaigh a mhonarú.

| |
|---|
| Ainm an mhiotail: Luaidhe. |

**Ainm @ 2 mharc**



*Tromáin iascaigh mhiotail*

**(d)** Taispeántar lasc DPDT a úsáidtear chun an dallóg fuinneoige innealta a ardú agus a ísliú.

**(i)** Mínigh an bhrí atá le DPDT.




*Dallóg fuinneoige*

| |
|---|
| **Míniú:** Ciallaíonn DPDT pol dúbailte débhealach. |
| Áirithíonn an cineál seo lasca gur féidir an dallóg a |
| thaispeántar a ardú agus a ísliú trí lasc a bhualadh. |

**Míniú @ 2 mharc**

**(ii)** Taispeántar thíos fáiscín bataire, lasc DPDT agus mótar DC agus giarbhosca.

Críochnaigh an sreangú ciorcaid le haghaidh na gcomhpháirteanna seo ionas go n-oibreoidh an mótar DC agus an giarbhosca ar aghaidh agus ar gcúl.




**Ciorcad @ 4 mharc**

**(e)** **(i)** Mínigh cén fáth a bhfuil an réamhshamhaltú tábhachtach sna céimeanna luatha i ndearadh agus forbairt innealtóireachta.

| |
|---|
| **Míniú:** Cuidíonn fréamhshamhal tú leis na |
| féidearthachtaí dearaidh tosaigh is fearr a aithint |
| agus am agus airgead a shábháil sa phróiseas dearaidh |
| foriomlán ag an am céanna. |
| |



*Clogad réamhshamhaltaithe cré a dhear*

**Míniú @ 2 mharc**

**(ii)** Luaigh cúis amháin le '*Cairt Gantt*' a úsáid chun tionscadal innealtóireachta a bhainistiú.

| |
|---|
| **Cúis:** Cuidíonn Cairt Gantt le measúnú a dhéanamh ar |
| an méid ama ba chóir do thionscadal a thógáil (nó na |
| hacmhainní a theastaíonn a chinneadh nó an t-ord ina gcríochnófar na tascanna a phleanáil). |





*Cairt shamplach Gantt*

**Cúis amháin @ 2 mharc**

**Ceist 2**

*Imríonn an innealtóireacht ról tábhachtach i gcraoladh spóirt, i bhforbairt trealaimh spóirt agus i gceiliúradh éachtaí spóirt.*




**(a)** Taispeántar thall córas ceamara róbataigh craolta il-tír-raoin AGITO.

**(i)** Ainmnigh trí phróiseas deile a úsáidtear le haghaidh mhonarú scriú ordóige an cheamara a thaispeántar.

| |
|---|
| Próiseas deile 1: Fásáil. |
| Próiseas deile 2: Deileadh comhthreomhar. |
| Próiseas deile 3: Foirbeadh. |

**Trí phróiseas @ 1 mharc an ceann**

**(ii)** Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le Ríomhrialú Uimhriúil (CNC i mBéarla) a úsáid i monarú an scriú ordóige a thaispeántar.

| |
|---|
| Buntáiste: Áirithíonn CNC olltáirgeacht thapa, chruinn |
| comhpháirteanna amhail an scriú ordóige. |
| |

**Buntáiste amháin @ 2 mharc**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin agus ar mhíbhuntáiste amháin a bhaineann le ceamaraí róbatacha a úsáid le haghaidh imeachtaí craolta spóirt.

| |
|---|
| Buntáiste: Le ceamaraí róbatacha is féidir |
| taifeadadh go sábháilte gar don ghníomhaíocht, rud |
| a thugann uillinneacha nach bhfeictear de ghnáth. |
| |




**Buntáiste amháin @ 2 mharc**

| |
|---|
| Míbhuntáiste: Tá ceamaraí róbatacha casta agus |
| bíonn siad an-chostasach in amanna. |
| |
| |



**Míbhuntáiste amháin @ 2 mharc**

**(c)** Tá an ceamara róbatach á chumhachtú ag bataire 3.7 V ian litiam in-athluchtaithe.

**(i)** Mínigh brí an téarma *3.7 V*.

| |
|---|
| Míniú: Ciallaíonn 3.7 V 3.7 volta. Léiríonn sé seo an fórsa a |
| bhrúnn an sruth leictreach sa chiorcad |

**Míniú @ 2 mharc**



*Bataire 3.7 V ian litiam in-athluchtaithe*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le bataire in-athluchtaithe a bheith sa chóras ceamara róbataigh.

| |
|---|
| Buntáiste: Is réiteach éiceabhách iad bataiirí in- |
| athluchtaithe mar go gcabhraíonn siad le dramhaíl bataiirí |
| a laghdú. |
| |

**Buntáiste amháin @ 2 mharc**

**(iii)** Mínigh cén fáth a bhfuil seirbheamótar oiriúnach chun gluaiseachtaí ceamara róbataigh a rialú.

| |
|---|
| Míniú: Is féidir le seirbheamótair luas agus suíomhanna |
| na n-aschur a rialú go han-chruinn, rud a fhágann go bhfuil |
| siad oiriúnach chun gluaiseachtaí ceamaraí róbataigh a |
| rialú. |
| |
| |

**Míniú @ 2 mharc**




*Seirbheamótar*

**(iv)** Déan cur síos ar fheidhm an lingeáin chorntha in oibríocht an chórais ceamara róbataigh.

| |
|---|
| Cur síos: Úsáidtear na lingeáin chorntha chun turraing a |
| ionsú agus chun tionchar gluaiseachta thar dhromchlaí |
| míchothroma a laghdú. Is é feidhm na lingeán corntha |
| turas níos réidhe a sholáthar don róbat agus ar an gcaoi sin |
| íomhánna ar chaighdeán níos fearr a áirithiú le haghaidh |
| craolta. |




*Lingeán corntha*

**Feidhm @ 2 mharc**

**(d)** Oibríonn cáblaí snáthoptaice atá clúdaithe le Kevlar an Skycam a thaispeántar.

**(i)** Mínigh cén fáth ar ábhar oiriúnach é Kevlar chun cábla snáthoptaice a chlúdach.




| |
|---|
| Míniú: Tá Kevlar sách éadrom agus láidir. Úsáidtear Kevlar |
| chun cáblaí snáthoptaice a chosaint ar theas, taise agus |
| scríobadh agus neart breise a thabhairt don chábla ag an |
| am céanna. |
| |

**Míniú @ 1 mharc**

**(ii)** Luaigh feidhm amháin eile atá ag cáblaí snáthoptaice.

| |
|---|
| Feidhm: Cur i Feidhm: Córais Teileachumarsáide (teileafón |
| agus idirlíon). |
| |
| |

**Feidhm amháin @ 2 mharc**

**(e)** **(i)** Roghnaigh an pholaiméir is oiriúnaí le líon leadóige a mhonarú.

| Polaiméir | Roghnú *(cuir tic le ceann amháin)* |
|---|---|
| Aicrileach | |
| Poileitiléin | ✓ |
| Bácailít | |

**Roghnú ceart @ 1 mharc**




**(ii)** Mínigh cén fáth a bhfuil an t-ábhar atá roghnaithe agat in **(e)(i)** thuas oiriúnach lena úsáid mar líon leadóige.

| |
|---|
| Míniú: Tá líontán poileitiléine éadrom, frithsheasmhach in |
| aghaidh aimsire agus in ann turraing a ionsú ó thionchar |
| liathróide leadóige. |

**Míniú @ 1 mharc**

**(f)** Bronntar boinn Óir, Airgid nó Chré-umha ar na hiomaitheoirí spóirt a chríochnaíonn sna chéad trí áit.





*Bonn Oilimpeach cré-umha*

**(i)** Ainmnigh dhá mhiotal a chomhcheanglaíonn chun cré-umha a dhéanamh.

| |
|---|
| Miotal 1: Copar. |
| Miotal 2: Stán. |

**Dhá mhiotal @ 1 mharc amháin an ceann**

**(ii)** Agus sceitseáil rindreáilte á húsáid agat, dear seastán taispeána don bhonn a thaispeántar.

*Sceitse rindreáilte de sheastán*















**Dearadh agus sceitse tugtha @ 5 mharc**

**Ceist 3**

*Is dearadh todhchaíoch agus nuálach é an forcardaitheoir coincheapa Doosan atá á chumhachtú le leictreachas. Cuimsíonn sé gnéithe amhail rialú luamháin stiúrtha, gloine ghrianrialaithe cábáin, córas láithreachta oibritheora agus braiteoirí neasachta.*



*Forcardaitheoir coincheapa Doosan atá á chumhachtú le leictreachas*

**(a)** Tá na hairíonna seo a leanas ag na hábhair a úsáidtear chun forcardaitheoir coincheapa Doosan a mhonarú.

| | |
|---|---|
| **Cruas** | **Righneas** |
| **Trédhearcacht** | **Leaisteachas** |

Comhlánaigh an tábla thíos tríd an airí ábhair is oiriúnaí a chur isteach, ón liosta thuas, in aice leis an gcur síos ar an airí ábhair.

| Airí Ábhair | Cur Síos ar an Airí Ábhair |
|---|---|
| Trédhearcacht | Cumas ábhair chun ligean don solas iomlán dul tríd. |
| Cruas | Cumas ábhair chun seasamh in aghaidh bearnaíl, scrabhadh agus caitheamh ar an dromchla. |
| Leaisteachas | Cumas ábhair chun filleadh ar a ghnáthchruth tar éis a bheith sínte nó comhdhlúite. |
| Righneas | Cumas ábhair chun seasamh in aghaidh turrainge agus imbhualadh. |

**Tábla críochnaithe @ 4 mharc**

**(b)** Luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le feithiclí leictreacha a úsáid.

**Buntáiste:** Níos lú truaillithe comhshaoil mar nach ndóitear breosla iontaise i bhfeithiclí leictreacha.

**Buntáiste @ 2 mharc**

**Míbhuntáiste:** Tá an raon taistil teoranta ag an méid luchtaithe ceallraí agus d'fhéadfadh an easpa stáisiún luchtaithe atá ar fáil faoi láthair a bheith ina fhadhb agus turais fhada á ndéanamh.

**Míbhuntaiste @ 2 mharc**

**(c)** **(i)** Ciorclaigh an t-ábhar is oiriúnaí chun foirc an fhorcardaitheora a thaispeántar a mhonarú.



*Foirc forcardaitheora*

| Aicrileach | Copar | Cruach chóimhiotail (circled) | Luaidhe |
|---|---|---|---|

**Roghnú ceart @ 2 mharc**

**(ii)** Mínigh cén fáth a ndéantar dromchla fhoirc an fhorcardaitheora a theaschóireáil.

| |
|---|
| Míniú: Áirithíonn cóireáil teasa go bhfuil na foirc crua agus láidir. |
| Áiritheoidh sé seo go mbeidh na foirc in ann tionchar a sheasamh agus dá bhrí sin a |
| saolré iomlán a leathnú. |
| |

**Míniú @ 2 mharc**

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta amháin is cóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn miotail á dteaschóireáil.

| |
|---|
| Réamhchúram sábháilteachta: Áirithigh go gcaitheann tú éadaí cosanta cuí amhail |
| spéaclaí cosanta, buataisí, brístí cabhlacha agus lámhainní. |

**Réamhchúram sábháilteachta amháin @ 1 mharc**

**(d)** Déantar an luamhán stiúrtha a thaispeántar as an ábhar teirmeaplaisteach, Poileitiléin Ard-dlúis (HDPE i mBéarla), a bhfuil an cód aitheantais polaiméire a thaispeántar marcáilte air.



*Luamhán stiúrtha forcardaitheora*

**(i)** Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le córais rialaithe luamháin stiúrtha.

| |
|---|
| Buntáiste: Áirithíonn rialú luamhán stiúrtha nasc tapa idir |
| an t-oibritheoir agus comhéadan na feiste. |
| |

**Buntáiste amháin @ 2 mharc**




**HDPE**

*Cód aitheantais polaiméire*

**(ii)** Mínigh brí na línte a bhfuil saighead orthu sa chód aitheantais polaiméire a thaispeántar.

| |
|---|
| Míniú: Léiríonn na saigheada gur féidir an táirge a athchúrsáil. |
| |
| |

**Míniú @ 2 mharc**

**(e)** Tá ar chumas chábán fhorcardaitheoir coincheapa leictreach Doosan claonadh ar aghaidh nó ar gcúl agus tá gloine ghrianrialaithe feistithe air.

**(i)** Mínigh an buntáiste a bhaineann le cábán claonta i bhforcardaitheoir.

| |
|---|
| Míniú: Tríd an cábán a chlaonadh, is féidir leis an oi-britheoir an t-ualach a fheiceáil ó pheirspictíocht dhi-friúil agus an t-ualach á ardú. Is gné shábháilteachta bhreise é freisin suíomh an chábáin athraithe. |

**Míniú @ 2 mharc**

*Cábán claonta*



*Gloine ghrianrialaithe cábáin*

**(ii)** Luaigh cúis amháin le gloine ghrianrialaithe a fheistiú ar chábán forcardaitheora.

| |
|---|
| Cúis: |
| |
| |

**Cúis amháin @ 2 mharc**


**(f)** Úsáideann an mheicníocht ardaithe forcardaitheora a thaispeántar reithe hiodrálach agus slabhra.

**(i)** Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le slabhra a úsáid i meicníocht ardaithe.

| |
|---|
| Buntáiste: Áirithíonn an ghloine ghréine go mbeidh an |
| cábán compordach don oibritheoir tríd an gcábán a |
| choinneáil fionnuar in aeráid te. |

**Buntáiste amháin @ 2 mharc**

*Slabhra* *Reithe hiodrálach*



*Meicníocht ardaithe forcardaitheora*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin ar gá meicníocht slabhra a smearadh (a bhealadh).

| |
|---|
| Cúis: Trí shlabhra a bhealadh, cuirtear cosc ar |
| chreimeadh agus ar chaitheamh. |
| |

**Cúis amháin @ 2 mharc**

*Reithe hiodrálach*




**(iii)** Mínigh brí an téarma *hiodrálach*.

| |
|---|
| Míniú: Is feidhm mheicniúil í an fheidhm hiodrálach a oibríonn tríd an bhfórsa |
| de bhrú leachtach (ola go minic). |
| |

**Míniú @ 2 mharc**

**(g)** Bíonn crios suíocháin feistithe i bhforcardaitheoirí nua-aimseartha, mar aon le '*Córas Láithreachta Oibritheora'*, a bhraitheann nuair a bhíonn an t-oibritheoir (tiománaí) ina shuí.




**(i)** Mínigh cúis amháin le Córas Láithreachta Oibritheora a úsáid.

Cúis: Is gléas sábháilteachta é an Braiteoir Láithreachta Oibritheora a áirithíonn nach n-oibreoidh an forcardaitheoir ach amháin nuair a bhíonn oibritheoir i láthair agus ina shuí.

**Cúis amháin @ 1 mharc**


**(ii)** Tá an t-eolas a leanas riachtanach chun rialaitheoirí forcardaitheora a ghníomhachtú.

Ní bhraitear aon tiománaí
= Leibhéal Loighce 0

Braitear tiománaí
= Leibhéal Loighce 1

Níl an crios suíocháin ceangailte
= Leibhéal Loighce 0

Tá an crios suíocháin ceangailte
= Leibhéal Loighce 1





Seasann an tábla fírinne a thaispeántar don eolas ionchuir thuas.

Críochnaigh an tábla fírinne a thaispeántar.

| Ionchur 1 | Ionchur 2 | Aschur |
|---|---|---|
| 0 | 0 | 0 |
| 1 | 0 | 0 |
| 0 | 1 | 0 |
| 1 | 1 | 1 |

**Tábla críochnaithe @ 4 mharc**

**(iii)** Úsáidtear geata NOT chun an t-aschur leictreonach a inbhéartú (aisiompú). Críochnaigh an tábla fírinne le haghaidh geata NOT.




| Ionchur | Aschur |
|---|---|
| 0 | 1 |
| 1 | 0 |

**Tábla críochnaithe @ 2 mharc**

**(iv)** Mínigh cuspóir na *mbraiteoirí neasachta* ar fhorcardaitheoir.

Cuspóir: Cuireann na braiteoirí neasachta an t-oibritheoir ar an eolas faoin bhféidearthacht go dtarlóidh imbhualadh le struchtúr nó le duine / oibrithe eile.




**Míniú @ 1 mharc**

**Ceist 4**

**(a)** Taispeántar lanna tuirbín priontáilte 3T le haghaidh *Tuirbín Aise Ceartingearaí Gaoithe* (VAWT i mBéarla).

**(i)** Déan cur síos ar an bpróiseas priontáilte 3T.





| |
|---|
| Cur síos: Is próiseas déantúsaíochta bhreisithe é |
| priontáil 3T a chruthaíonn réad fisiceach ó dhearadh |
| digiteach. Oibríonn an próiseas trí chomhad dearaidh |
| leictreonach a nascadh le meaisín priontála 3T, rud a |
| ligfidh sraitheanna tanaí d'ábhar, amhail roisín |
| plaisteach, a leagan síos agus ansin iad a chumasc le |
| chéile chun an réad a chruthú. |

**Cur Síos @ 2 mharc**

**(ii)** Agus sceitseáil rindreáilte á húsáid agat, dear bonn don tuirbín aise ceartingearaí gaoithe chun an mheicníocht tiomána, an gineadóir agus na comhpháirteanna leictreonacha a choinneáil.


*Sceitse rindreáilte de bhonn an tuirbín aise ceartingearaí gaoithe*



**Dearadh agus sceitse tugtha @ 5 mharc**

**(b)** Úsáidtear na comhpháirteanna leictreonacha a thaispeántar thíos sa chiorcad leictreach le haghaidh an tuirbín aise ceartingearaí gaoithe.

**(i)** Déantar toilleoir a mheaitseáil lena shiombail leictreonach mar a thaispeántar. Meaitseáil na comhpháirteanna leictreonacha eile leis an tsiombail leictreonach cheart don chomhpháirt áirithe sin.




**Meaitseáil ceithre cinn @ 1 mharc an ceann**

**(ii)** Úsáidtear gineadóir DC sa chiorcad. Mínigh an bhrí atá le *DC* .

| |
|---|
| Míniú: Ciallaíonn DC Sruth Díreach. Is sruth leictreach é seo a tháirgfidh |
| an gineadóir a shreabhann i gcónaí i dtreo amháin. |
| |

**Míniú @ 1 mharc**

**(c)** Tá na comhpháirteanna leictreonacha a úsáidtear sa tuirbín aise ceartingearaí gaoithe le sádráil.

**(i)** Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag flosc nuair atá sádráil á déanamh.

| |
|---|
| Cur síos: Is comhdhúil cheimiceach é flosc a chuidíonn |
| le nasc atá le sádráil a ghlanadh agus a chosaint. |
| Cuidíonn an flosc le hocsaídí a bhaint agus cosc a chur |
| ar fhoirmiú ocsaídí agus áirithíonn sé sreabhadh an |
| tsádair. |
| |




**Feidhm @ 2 mharc**

**(ii)** Luaigh dhá réamhchúram sábháilteachta nach mór a chomhlíonadh nuair a bhíonn comhpháirteanna leictreonacha á sádráil.


| |
|---|
| Réamhchúram sábháilteachta 1: Caith cosaint súl iomchuí. |
| |
| |
| |

| |
|---|
| Réamhchúram sábháilteachta 2: Bain úsáid as lucht leanúna eastósctha nó bíodh aeráil |
| leordhóthanach agat agus tú ag sádráil chun múch tocsaineach a ionanálú a |
| sheachaint. |
| |

**Dhá réamhchúram @ 2 mharc an ceann**

**(iii)** Roghnaigh an tiontú fuinnimh a tharlaíonn i ngineadóir DC.

| **Tiontú fuinnimh:** | **Roghnú** *(cuir tic le ceann amháin)* |
|---|---|
| Fuinneamh leictreach go fuinneamh ceimiceach | |
| Fuinneamh meicniúil go fuinneamh leictreach | ✓ |
| Fuinneamh cinéiteach go fuinneamh meicniúil | |




*Gineadóir DC*

**Roghnú ceart @ 2 mharc**

**(d)** Úsáideann an tuirbín aise ceartingearaí gaoithe meicníocht creasa fhiaclaigh agus ulóige tiomána.

**(i)** Don mheicníocht tiomána a thaispeántar, roghnaigh cé acu an dtéann luas na hulóige tiomáinte i méid nó i laghad.

| **Luas tiomáinte** | **Roghnú** *(cuir tic le ceann amháin)* |
|---|---|
| Luas ulóige tiomáinte méadaithe | ✓ |
| Luas ulóige tiomáinte laghdaithe | |




**Roghnú ceart @ 2 mharc**

**(ii)** Ríomh luas aschuir na hulóige tiomáinte, in RPM, má chasann an ulóg tiomána ag 50 RPM.

*Ríomh:* Cóimheas = Cóimheas Tiománaí / Tiomáinte = 75 / 15 = 5

50 RPM X 5 = 250 RPM

Is é 250 RPM luas aschuir

**Ríomh @ 2 mharc**

**(iii)** Luaigh an fheidhm atá ag an imthaca gránach a úsáidtear i gcóimeáil an tuirbín aise ceartingearaí gaoithe.

Feidhm: Cuidíonn an t-imthaca gránach a thaispeántar le seafta an tuirbín a shuíomh agus áirithíonn sé go rothlaíonn an tuirbín go saor trí thionchar na frithchuimilte a laghdú.



Imthaca gránach

**Feidhm @ 1 mharc**

**(e)** Déan cur síos ar thionchar dearfach timpeallachta amháin agus ar thionchar diúltach timpeallachta amháin a bhaineann le teicneolaíocht tuirbín gaoithe.

Tionchar dearfach: Trí fhuinneamh a ghiniúint ó theicneo-laíocht tuirbín gaoithe, ní scaoiltear aon astaíochtaí carbóin mar a dhéantar trí bhreoslaí iontaise a dhó.


Tionchar diúltach: Is féidir le teicneolaíocht tuirbín gaoithe a bheith contúirteach do roinnt gnáthóg fiadhúlra (is féidir le tuirbíní gaoithe a bheith torannach).






**Tionchar dearfach @ 1 mharc, tionchar diúltach @ 1 mharc**




Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*





# Tionscadal le haghaidh Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí
# Mionsamhail d'Fhorcardaitheoir
# Scéim Mharcála 2025






| **Roinn 1: Mionsamhail Chomhlánaithe** ('Eilimint Dhearaidh' nach bhfuil san áireamh) | | |
|---|---|---|
| ***Ceannteidil*** | ***Cur Síos*** | ***Marc*** |
| **Cóimeáil** | Grádú Suibiachtúil 1 – 20 | **20** |
| **Bailchríoch** | Grádú Suibiachtúil 1 – 20 | **20** |
| **Feidhmiú Mheicniúil** | Grádú Suibiachtúil 1 – 15 | **15** |
| **Feidhmiú Leictreach** | Grádú Suibiachtúil 1 – 15 | **15** |
| **Roinn 1 - Iomlán** | | **70** |
| **Roinn 2: 'Eilimint Dhearaidh'** *(Ní gá i gcás 2025)* | | |
| **Roinn 2 – Iomlán** | | **--** |

| **Roinn 3:** | | | |
|---|---|---|---|
| ***Ceannteidil*** | ***Cur Síos*** | | ***Marc*** |
| **Páirt 2 –** Pludgharda (x2)<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú agus a lúbadh | *10* | **10** |
| **Páirt 10 –** Fráma<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú agus a seaimféaráil | *10* | **10** |
| **Páirt 11 –** Clúdach cúil<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú agus a lúbadh | *10* | **10** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páirt 15 –** Clúdach láir<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú agus a sliotáin | *10* | **20** |
| **Páirt 16 –** Taobhphainéal (x2)<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú | *10* | |
| **Páirteanna 5 & 6 –** Taobhphainéal cábáin ar chlé agus ar dheas<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú agus a lúbadh | *15* | **20** |
| **Part 9 –** Díon an chábáin<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú | *5* | |
| **Roinn 3 - Iomlán** | | | **70** |

<table>
<tr><th colspan="4">Roinn 4:</th></tr>
<tr><th>Ceannteidil</th><th colspan="2">Cur Síos</th><th>Marc</th></tr>
<tr><td>Páirt 1 – Carráiste<br></td><td>A mharcáil amach, a dhruileáil, a CSK,a dheilbhiú agus a seaimféaráil</td><td>10</td><td rowspan="2">15</td></tr>
<tr><td>Páirt 7 – Taca droma ualaigh<br></td><td>A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú</td><td>5</td></tr>
<tr><td>Páirt 8 – Ardaitheoir<br></td><td>A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a sliotáin</td><td>9</td><td rowspan="2">15</td></tr>
<tr><td>Páirt 17 – Foirc (x2)<br></td><td>A mharcáil amach, a dheilbhiú agus a lúbadh</td><td>6</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>Páirt 3 – Taca ríscriú<br></td><td>A dhruileáil Ø4mm</td><td>2</td><td rowspan="2">15</td></tr>
<tr><td>Páirt 12 – Crann<br></td><td>A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú, a sliotáin agus a lúbadh</td><td>13</td></tr>
<tr><td>Páirt 13 – Ráille treorach (x2)<br></td><td>A mharcáil amach, a dhruileáil agus a seaimféaráil</td><td>10</td><td>10</td></tr>
<tr><td>Páirt 4 – Seirbhighéag<br></td><td>A dhruileáil Ø3mm</td><td>2</td><td rowspan="2">15</td></tr>
<tr><td>Páirt 14 – Ardán claonta<br></td><td>A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú, a sliotáin agus a lúbadh</td><td>13</td></tr>
<tr><td colspan="3">Roinn 4 – Iomlán</td><td>70</td></tr>
<tr><td colspan="3">Móriomlán</td><td>210</td></tr>
</table>